Coimisiún na Meán

# An Cód maidir le Seirbhís Meán agus Rialacha maidir le Seirbhís Meán

# Fógraíocht, Teilishiopadóireacht, Sláine Comhartha agus Eolas

Dáta foilsithe: Samhain 2024

# Clár Ábhar


**1. Réamhrá 3**

**2. Raon agus Dlínse 3**

**3. Cuspóir agus Ullmhú an Chóid agus na Rialacha 4**

**4. Prionsabail Rialála is Ábhartha don Chód agus do na Rialacha 4**

**5. Inscoiteacht 6**

**6. Tarscaoileadh 6**

**7. Comhlíontacht agus Forfheidhmiú 6**

**8. Gearáin 7**

**9. Treoir 7**

**10. Sainmhínithe 7**

**Forálacha an Chóid maidir le Seirbhísí Meán 10**

**11. Fógraíocht agus Teilishiopadóireacht – Craoltóirí Teilifíse 10**

**12. Sláine Comhartha – Soláthraithe Seirbhíse Meán 11**

**13. Faisnéis – Soláthraithe Seirbhíse Meán 12**

**14. Cearta chun Saothar Cineamatagrafach 12**

**Forálacha na Rialacha maidir le Seirbhísí Meán 13**

**15. Teorainneacha Fógraíochta agus Teilishiopadóireachta Laethúla – Craoltóirí Teilifíse 13**

# 1. Réamhrá

1.1 De bhun Alt 46N(1) agus Alt 46O(1) den Acht Craolacháin 2009, arna leasú leis an Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022 (**“an tAcht”**), féadfaidh Coimisiún na Meán (an **“Coimisiún”**) cóid agus rialacha (**“cóid maidir le seirbhís meán”** agus **“rialacha maidir le seirbhís meán”**) a dhéanamh lena rialaítear caighdeáin agus cleachtais craoltóirí agus soláthraithe seirbhísí meán closamhairc ar éileamh.

1.2 De bhun Alt 46N(5) den Acht, déanfaidh an Coimisiún cóid maidir le seirbhís meán lena bhforáiltear do na nithe a gceanglaítear foráil a dhéanamh maidir leo le hAirteagail 5, 6(1), 6a(1) go (3), 7b, 8, 9, 10, 11, 15, Caibidil VI, agus Caibidil VII (seachas Airteagal 26) de Threoir (AE) 2010/13 (arna leasú le Treoir (AE) 2018/1808) (an “**an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc**”) (ach amháin a mhéid a fhoráiltear le rialacha maidir le seirbhís meán).

1.3 De bhun Alt 46O(9) den Acht, forálfar le rialacha maidir le seirbhís meán do na nithe a gceanglaítear foráil a dhéanamh maidir leo le hAirteagail 6(1), 6a(1), 7, 7b, 8, 9, 10, 11, Caibidil VI agus Airteagail 23(2), 24 agus 25 den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (ach amháin a mhéid a fhoráiltear le cóid maidir le seirbhís meán).

1.4 De bhun Alt 46O(13)(b) den Acht, lean Rialacha Údarás Craolacháin na hÉireann maidir le Fógraíocht agus Teilishiopadóireacht (Teorainneacha Laethúla agus San Uair) arna ndátú an 28 Iúil 2010 de bheith i bhfeidhm le bunú an Choimisiúin.

1.5 I gcomhréir lena dhualgais agus lena oibleagáidí reachtúla mar a leagtar amach thuas, d’ullmhaigh an Coimisiún an cód seo maidir le seirbhísí meán seo (an **“Cód”**) agus na rialacha seo maidir le seirbhísí meán (na **“Rialacha”**). Cuirtear an Cód agus na Rialacha seo in ionad ailt Rialacha Údarás Craolacháin na hÉireann maidir le Fógraíocht agus Teilishiopadóireacht (Teorainneacha Laethúla agus San Uair) ag a bhfuil feidhm maidir le craoltaí teilifíse, rialacha a chúlghairfear amhail ón 5 Samhain 2024, arb é sin an dáta a thiocfaidh an Cód agus na Rialacha seo i bhfeidhm.

# 2. Raon agus Dlínse

2.1 Leis an gCód agus leis na Rialacha, tugtar éifeacht d’ Airteagail 5(1), 7b, 19, 20, 21, 23, 24 agus 25 den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc in Éirinn, a mhéid a bhaineann siad le seirbhísí meán closamhairc, eadhon, seirbhísí craoltóireachta teilifíse agus seirbhísí meán closamhairc ar éileamh.

2.2 Ní bheidh feidhm ag an gCód ná ag na Rialacha ach amháin maidir le soláthraithe seirbhíse meán atá faoi dhlínse an Stáit de réir bhrí Alt 2A den Acht.

2.3 Déantar an Cód agus na Rialacha gan dochar do na cumhachtaí a dheonaítear don Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, de bhun Alt 106 den Acht, chun teorainneacha ama áirithe a fhormheas le haghaidh fógraí i seirbhísí craoltóireachta teilifíse arna soláthar ag RTÉ nó TG4, faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha a leagtar amach in

Alt 15 den Chód agus de na Rialacha.

# 3. Cuspóir agus Ullmhú an Chóid agus na Rialacha

## Cuspóir

3.1 Is é is cuspóir don Chód agus do na Rialacha a áirithiú go gcomhlíonfaidh soláthraithe seirbhíse meán atá faoi dhlínse an Stáit ceanglais Airteagail 5(1), 7b, 19, 20, 21, 23, 24 agus 25 den Treoir.

## Ullmhú an Chóid agus na Rialacha

3.2 De bhun Alt 46N(6) den Acht, thug an Coimisiún aird ar na nithe seo a leanas agus an Cód á ullmhú aige: -

- an méid dochair nó coil is dóigh a dhéanfaí dá gcuirfí aon sórt ar leith bunábhair i gclár.
- méid agus comhdhéanamh dóchúil an lucht féachana nó an lucht éisteachta ionchasaigh le haghaidh bunábhar clár.
- ionchas dóchúil an lucht féachana nó an lucht éisteachta maidir leis an gcineál lánais a bheidh i gclár agus a mhéid is féidir aird daoine a d'fhéadfadh a beith i measc an lucht féachana nó an lucht éisteachta a tharraingt ar an gcineál lánais a bheidh i gclár.
- an dóchúlacht atá ann, maidir le daoine nach eol dóibh an cineál lánais a bheidh i gclár, go bhfeicfidh siad nó go gcloisfidh siad an lánas sin go neamhdheonach trína mbearta féin.
- a inmhianaithe atá sé a dheimhniú go gcuirfidh soláthraí seirbhíse craolacháin nó seirbhíse meán closamhairc ar éileamh an Coimisiún ar an eolas faoi aon athrú a dhéanann difear do chineál na seirbhíse agus, go háirithe, faoi aon athrú is ábhartha maidir le cur i bhfeidhm na gcód maidir le seirbhísí meán.
- a inmhianaithe atá sé neamhspleáchas a chothabháil maidir le rialú eagarthóireachta ar lánas clár.

3.3 Ullmhaíodh an Cód agus na Rialacha de réir na nósanna imeachta dá bhforáiltear in Alt 46Q den Acht.

# 4. Prionsabail Rialála is Ábhartha don Chód agus do na Rialacha

4.1 Ina léirmhíniú, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú den Chód agus de na Rialacha, ní mór don Choimisiún, i gcomhréir lena dhualgais sa dlí poiblí, gníomhú go dlíthiúil, go réasúnta agus go cothrom.

4.2 Go sonrach, ní mór don Choimisiún gníomhú i gcomhréir leis an méid seo a leanas: -

- a chuspóirí agus a fheidhmeanna reachtúla ginearálta faoin Acht.
- na cearta a thugtar leis an mBunreacht, leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine ag féachaint de réir mar is infheidhme faoin Acht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, 2003, agus faoi Chonarthaí an Aontais Eorpaigh.

4.3 Déantar foráil in Alt 7(2) den Acht maidir leis an gCoimisiún, i gcomhlíonadh a fheidhmeanna, go bhféachfaidh sé lena chinntiú go gcloítear leis na luachanna daonlathacha a dhaingnítear sa Bhunreacht, go háirithe iad siúd a bhaineann le saoirse dhlisteanach na tuairimíochta, agus go dtugtar cosaint do leasanna an phobail, lena n-áirítear leasanna leanaí, agus tiomantas ar leith ann do shábháilteacht leanaí. Féachfaidh an Coimisiún freisin lena áirithiú, maidir le beartais an Choimisiúin i leith seirbhísí craolacháin agus seirbhísí meán closamhairc ar éileamh, gurb iad is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann.

4.4 Ina theannta sin, ní mór don Choimisiún iarracht a dhéanamh a áirithiú lena shocruithe rialála (i) go dtabharfar aghaidh ar bhunábhar clár agus ar ábhar eile atá dochrach nó mídhleathach; (ii) go gcuirfear athrú teicneolaíochta agus sochaíoch san áireamh; agus (iii) go n-oibrítear go comhréireach, go leanúnach agus go cothrom.

4.5 Le hAlt 7(3) den Acht déantar foráil, ina theannta sin, go ndéanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas *inter alia*:

- soláthar clár ardchaighdeáin, éagsúil agus nuálach ó sholáthraithe seirbhísí craolacháin a spreagadh.
- cinnteoireacht fhianaise-bhunaithe a dhéanamh agus a chuid feidhmeanna á gcur i gcrích aige, agus an chinnteoireacht fhianaise-bhunaithe a chur chun cinn i measc na ndaoine lena ngabhann sé i gcomhairle.
- spreagadh a thabhairt don chomhlíontacht le forálacha an Achta, agus le forálacha aon chóid, rialach nó ionstraime reachtúla eile a dhéantar faoi, ar aon bhealach a mheasann an Coimisiún a bheith cuí, lena n-áirítear trí threoraíocht a fhoilsiú faoin gcaoi a bhféadfaí na bearta sin a chomhlíonadh.

4.6 De bhun Alt 7(4) den Acht, i gcomhlíonadh a chuid feidhmeanna, féachfaidh an Coimisiún do na nithe seo a leanas: sábháilteacht leanaí, agus beartais fhoilsithe an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a mhéid a bhaineann leis an ábhar sin; rialáil an chearrbhachais, agus beartais fhoilsithe an Aire Dlí agus Cirt a mhéid a bhaineann leis an ábhar sin; an t-athrú aeráide agus an inbhuanaitheacht chomhshaoil, agus beartais fhoilsithe an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a mhéid a bhaineann leis an ábhar sin; agus beartais fhoilsithe an Rialtais a mhéid a bhaineann le haon cheann de na hábhair sin.

# 5. Inscoiteacht

5.1 Má chinntear go bhfuil aon fhoráil den Chód nó de na Rialacha neamhdhleathach, neamhbhailí, toirmiscthe, doinfhorfheidhmithe nó neamhinfheidhme (ar bhonn ginearálta nó i dtaca le soláthraí (soláthraithe) áirithe seirbhíse meán) ar bhealach ar bith, ar bhonn aon dlí (lena n-áirítear an Bunreacht agus an dlí Eorpach), leis an gcinneadh sin, ní dhéanfar difear do dhlíthiúlacht, bailíocht, in-fhorfheidhmitheacht ná infheidhmitheacht aon fhorála eile den Chód nó de na Rialacha ná cuid de nó díobh, mura rud é go ndearbhaítear go bhfuil an toradh infheidhme maidir le cibé foráil eile nó cuid di, nó is amhlaidh atá an méid sin faoi réir an fhaoisimh arna dheonú ag cúirt.

5.2 Gan dochar don mhéid roimhe seo, beidh gach foráil eile agus/nó cuid eile den Chód agus de na Rialacha fós lánéifeachtach, infheidhmithe, agus in-fhorfheidhmithe. A mhéid is gá, is amhlaidh a bhainfear den Chód agus de na Rialacha aon fhoráil nó cuid dó nó díobh, a chinntear a bheith neamhdhleathach, neamhbhailí, toirmiscthe, do-infhorfheidhmithe nó neamh-infheidhme.

# 6. Tarscaoileadh

6.1 Más amhlaidh nach bhfreagraíonn an Coimisiún d’aon aighneacht, measúnú, togra, tuairisc, ráiteas comhoiriúnachta ná d’aon doiciméad analógach a chuireann soláthraí seirbhíse meán faoina bhráid, nó mura ndéanann sé trácht orthu sin; ní mheasfar é sin a bheith ina ghlacadh ná ina fhaomhadh d’ábhar aon chuid den chéanna, agus ní thuigfear uaidh sin gur chomhlíon an soláthraí a oibleagáidí nó a hoibleagáidí faoin Acht agus/nó faoin gCód agus na Rialacha.

6.2 Gan dochar don mhéid roimhe seo, más amhlaidh nach bhfreagraíonn an Coimisiún d’aon doiciméad den sórt sin ná nach ndéanann sé trácht orthu; ní cheapfar urbhac leis, ná ní bheidh sé ina tharscaoileadh, ag an gCoimisiún in aghaidh a chumhachtaí ná a cheart de bhun an Achta agus/nó an Chóid agus na Rialacha.

# 7. Comhlíontacht agus Forfheidhmiú

7.1 De bhun Ailt 46N(10) agus 46O(11) den Acht, má mhainnítear cloí leis an gCód agus leis na Rialacha, is sárú é sin chun críocha Chuid 8B den Acht.

7.2 Áiritheoidh soláthraí seirbhíse meán go mbeidh córais agus rialuithe i bhfeidhm aige nó aici chun comhlíontacht leis na hoibleagáidí atá sa Chód agus sna Rialacha seo a léiriú.

7.3 De bhun Alt 47(3) den Acht, ceanglaítear ar sholáthraí seirbhíse meán cód cleachtais a ullmhú agus a chur chun feidhme chun déileáil le gearáin a bhaineann le mainneachtain an tsoláthraí seirbhíse meán cloí le cód maidir le seirbhís meán nó riail maidir le seirbhís meán.

# 8. Gearáin

8.1 Féadfaidh duine gearán a dhéanamh má chreideann sé nó sí nár chomhlíon soláthraí seirbhíse meán an Cód ná na Rialacha. Molann Coimisiún na Meán do ghearánaigh a gcuid gearán a dhéanamh leis an soláthraí seirbhíse meán ar an gcéad ásc ós rud é gurb é sin an bealach is gasta chun go mbreithneofar agus go bhfreagrófar gearán.

Tá eolas faoin bpróiseas láimhseála gearán, lena n-áirítear próiseas Choimisiún na Meán, le fáil ar ár suíomh gréasáin (www.cnam.ie/ga) nó is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Coimisiún na Meán ar + 353 1 963 7755 nó ag usersupport@cnam.ie.

8.2 Ba cheart gearáin i ndáil le sláine comhartha (ag Alt 12) a dhéanamh go díreach chuig Coimisiún na Meán.

# 9. Treoir

9.1 Féadfaidh an Coimisiún treoir ghinearálta neamhcheangailteach a chur ar fáil maidir le forálacha an Chóid agus na Rialacha arna iarraidh sin nó de réir mar a mheastar gur gá sin agus nuair a mheastar gur gá sin. Forchoimeádann an Coimisiún an ceart treoir a fhoilsiú agus a leasú ó am go ham de réir mar is cuí leis an gCoimisiún.

9.2 Ní mór a áireamh sna hiarratais ar threoir an t-ábhar ábhartha atá nasctha leis an iarratas ar threoir. Ba cheart a lua go soiléir san iarraidh an chuid nó na codanna den Chód agus de na Rialacha, a gcreideann an t-iarrthóir go bhfuil siad ábhartha, agus ba cheart an cheist shonrach a leagan amach inti ar mhaith leis an iarratasóir tuairim a fháil ina leith. Ní ghlacann an Coimisiún le haon dliteanas as aon chinneadh (ná iarmhairtí a eascraíonn as) a dhéantar tar éis treoir ghinearálta neamhcheangailteach a fháil ón gCoimisiún.

# 10. Sainmhínithe

Maidir leis na téarmaí nach sainmhínítear thíos, tá na bríonna a thugtar dóibh leis an Acht.

Ciallaíonn **"cumarsáid tráchtála chlosamhairc"** cumarsáid tráchtála lena gcuimsítear íomhánna agus fuaim, nó íomhánna gan fuaim, a dheartar leis na hearraí, seirbhísí nó íomhá de dhuine nádúrtha nó dlítheanach a chur chun cinn, go díreach nó go hindíreach, atá ag dul do ghníomhaíocht eacnamaíoch; cuirtear íomhánna den sórt sin i dteannta cláir nó físeán arna ghiniúint ag úsáideoirí, nó áirítear iontu iad, ar íocaíocht a fháil nó ar chomaoin chomhchosúil a fháil nó chun cuspóirí féinbholscaireachta. Áirítear leis na cineálacha cumarsáide tráchtála closamhairc, inter alia, fógraíocht teilifíse, urraíocht, teilishiopadóireacht agus suíomh táirgí.

Ciallaíonn **"seirbhís meán closamhairc"**:

(a) seirbhís, de réir bhrí Airteagail 56 agus 57 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, sa chás -

(i) go bhfuil príomhchuspóir na seirbhíse tiomnaithe do, nó

(ii) go bhfuil príomhchuspóir cuid indealaithe den tseirbhís tiomnaithe do,

cláir chlosamhairc a sholáthar, trí líonraí cumarsáide leictreonaí, don phobal i gcoitinne, faoi fhreagracht eagarthóireachta sholáthraí na seirbhíse, chun eolas, siamsaíocht nó oideachas a thabhairt, nó

(b) cumarsáid tráchtála chlosamhairc.

Ciallaíonn **“seirbhís meán closamhairc ar éileamh (seirbhís ar éileamh)”** seirbhís meán closamhairc a chuireann soláthraí seirbhíse meán ar fáil le go bhféachfar ar chláir ag an tráth a roghnaíonn an t-úsáideoir agus ar iarratas aonair an úsáideora, ar bhonn catalóg clár arna roghnú ag an soláthraí seirbhíse meán.

Ciallaíonn **“craoltóir”** soláthraí seirbhíse meán craoltaí teilifíse.

Ciallaíonn **“líonra cumarsáide leictreonaí”** córais tarchurtha, cibé acu atá siad bunaithe ar bhonneagar buan nó acmhainneacht riaracháin láraithe, agus, i gcás inarb infheidhme, trealamh agus acmhainní eile a mhalartú nó a ródú, lena n-áirítear eilimintí líonra nach bhfuil gníomhach, agus lena gceadaítear iompar comharthaí ar mhodh sreinge, raidió, optúil nó leictreamaighnéadach eile, lena n-áirítear líonraí satailíte, líonraí fosaithe (ciorcadlasctha agus lasctha paicéad, lena n-áirítear an t-idirlíon) agus móibíleacha, córais de cháblaí leictreacha, a mhéid a úsáidtear iad chun comharthaí a tharchur, líonraí a úsáidtear le haghaidh craoltóireacht raidió agus teilifíse, agus líonraí teilifíse cábla, beag beann ar chineál na faisnéise a thugtar.

Ciallaíonn **“soláthraí seirbhíse meán”** an duine nádúrtha nó dlítheanach ar a bhfuil freagracht eagarthóireachta as ábhar closamhairc na seirbhíse meán closamhairc a roghnú agus a chinneann an modh ina n-eagraítear é.

Ciallaíonn **“suíomh táirgí”** aon chineál cumarsáide tráchtála closamhairc arb é atá i gceist táirge, seirbhís nó trádmharc de a áireamh, nó tagairt a dhéanamh dó, ionas gur gné de chlár nó d’fhíseán arna ghiniúint ag úsáideoirí é, ar íocaíocht nó le haghaidh comaoin den tsamhail sin.

Ciallaíonn **“clár”** sraith íomhánna gluaisteacha lena ngabhann fuaim nó gan fuaim arb éard atá iontu mír aonair, beag beann ar a fad, laistigh de sceideal nó catalóg arna bhunú ag soláthraí seirbhíse meán, lena n-áirítear scannáin fhada, gearrthóga físeáin, imeachtaí spóirt, drámaí grinn suímh, cláir faisnéise, cláir do leanaí agus bunsaothar drámaíochta.

Ciallaíonn **“urraíocht”** aon ranníocaíocht arna déanamh ag gnóthais phoiblí nó phríobháideacha nó daoine nádúrtha nach bhfuil ag gabháil do sheirbhísí meán closamhairc nó do sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán a sholáthar ná do shaothair chlosamhairc a tháirgeadh chun maoiniú a dhéanamh ar sheirbhísí meán closamhairc, ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán, ar fhíseáin arna nginiúint ag úsáideoirí nó ar chláir d’fhonn ainm, trádmharc, íomhá, gníomhaíochtaí nó táirgí na ngnóthas nó ndaoine sin a chur chun cinn.

Ciallaíonn **“teilishiopadóireacht”** craoladh tairisceana dírí don phobal d’fhonn earraí nó seirbhísí a

sholáthar, lena n-áirítear maoin dhochorraithe, cearta agus oibleagáidí, mar mhalairt ar íocaíocht.

Ciallaíonn **"fógraíocht teilifíse"** aon chineál craolta fógra cibé acu mar mhalairt ar íocaíocht nó ar chomaoin chomhchosúil nó craoladh chun críocha féinbholscaireachta arna dhéanamh ag gnóthas poiblí nó príobháideach nó duine neodrach i dtaca le trádáil, gnó, ceird nó gairm, chun soláthar earraí nó seirbhísí a chur chun cinn, lena n-áirítear maoin dhochorraithe, cearta agus oibleagáidí, mar mhalairt ar íocaíocht.

Ciallaíonn **"craoltóireacht teilifíse"** nó **"craoladh teilifíse"** (i.e. seirbhís líneach meán closamhairc) seirbhís meán closamhairc a chuireann soláthraí seirbhíse meán ar fáil chun féachaint go comhuaineach ar chláir ar bhonn sceideal clár.

# Forálacha an Chóid maidir le Seirbhísí Meán

Déantar na forálacha seo a leanas de bhun Alt 46N(1) agus (5) den Acht.

# 11. Fógraíocht agus Teilishiopadóireacht – Craoltóirí Teilifíse

## 11.1. Trédhearcacht agus Scaradh

11.1.1 Áiritheoidh craoltóir teilifíse go mbeidhfógraíocht teilifíse agus teilishiopadóireacht inaitheanta agus indealaithe go héasca ó ábhar eagarthóireachta. Gan dochar d'úsáid teicnící fógraíochta nua,[1] déanfar fógraíocht teilifíse agus teilishiopadóireacht a choimeád ar bhealach sách ar leithligh ó chodanna eile den chlár ar mhodhanna optúla agus/nó fuaimiúla agus/nó spásúla.

11.1.2 Áiritheoidh craoltóir teilifíse nach ndéanfar difear le cur isteach fógraíochta teilifíse agus teilishiopadóireachta do shláine cláir. Cuirfear isteach míreanna fógraíochta agus teilishiopadóireachta i gcláir ar bhealach lena gcuirtear san áireamh na bristeacha nádúrtha sa chlár lena mbaineann agus fad agus cineál an chláir sin agus ní dhéanfar dochar leo do chearta na sealbhóirí ceart.

## 11.2 Pátrúin Sosanna Fógraíochta

11.2.1 Maidir le craoladh scannán arna ndéanamh don teilifís (seachas sraitheanna, sraithdhrámaí agus cláir faisnéise), saothair chineamatagrafacha agus cláir nuachta, is féidir go gcuirfear isteach air trí fhógraíocht teilifíse, teilishiopadóireacht, nó iad araon, uair amháin in aghaidh gach tréimhse sceidealaithe de 30 nóiméad ar a laghad.

11.2.2 Maidir le craoladh clár leanaí, is féidir go gcuirfear isteach air le fógraíocht teilifíse uair amháin le haghaidh gach tréimhse sceidealaithe de 30 nóiméad ar a laghad, ar choinníoll go mbeidh fad sceidealaithe an chláir níos faide ná 30 nóiméad.

## 11.3 Teilishiopadóireacht

11.3.1 Áiritheoidh craoltóir teilifíse go mbeidh fuinneoga teilishiopadóireachta sainaitheanta go soiléir amhlaidh ar mhodhanna optúla agus fuaimiúla agus áiritheoidh sé nó sí go mairfidh fuinneoga teilishiopadóireachta ar feadh 15 nóiméad ar a laghad gan bhriseadh.

[1] Mar shampla, teicnicí fógraíochta scáileáin roinnte, fíorúla nó idirghníomhacha. Seachas i gcás ina léirítear a mhalairt, maidir leis na forálacha a leagtar amach sa Chód agus sna Rialacha a bhfuil feidhm acu maidir le fógraíocht, beidh feidhm acu freisin maidir le teicnicí fógraíochta nua a úsáid, lena n-áirítear i leith teorainneacha fógraíochta agus teilishiopadóireachta a ríomh. Tá rialacha breise ann maidir le teicnicí fógraíochta nua sa Chód Ginearálta maidir le Cumarsáid Tráchtála ó Choimisiún na Meán atá le fáil ag https://www.cnam.ie/ga/

11.3.2 Áiritheoidh craoltóir teilifíse nach mbeidh táirgí íocshláinte mar chuid de theilishiopadóireacht atá faoi réir údarú margaidh de réir bhrí Threoir 2001/83/CE (lena n-áirítear cógais ar oideas), nó teilishiopadóireacht le haghaidh cóireálacha leighis.

11.3.3 Áiritheoidh craoltóir teilifíse nach mbeidh teilishiopadóireacht san áireamh le linn cláir do leanaí.

### 11.4 Míreanna fógraíochta agus teilishiopadóireachta aonaracha

11.4.1 Beidh míreanna fógraíochta agus teilishiopadóireachta aonaracha inghlactha in imeachtaí spóirt. Leanfaidh míreanna fógraíochta agus teilishiopadóireachta aonaracha, seachas le linn imeachtaí spóirt a chraoladh, de bheith mar an eisceacht. Is é atá le tuiscint go ginearálta as mír aonarach ná fógraíocht aonair.

### 11.5 Seirbhísí Reiligiúnacha

11.5.1 Áiritheoidh craoltóir teilifíse nach gcuirfear fógraíocht ná teilishiopadóireacht isteach le linn aon chraoladh ar sheirbhís reiligiúnach.

### 11.6 Cainéil Teilifíse atá Dírithe ar Fhógraíocht, Teilishiopadóireacht, Féinbholscaireacht

11.6.1 Ní bheidh feidhm ag ailt 11.1.2, 11.2.1, 11.2.2, 11.3.3, ná 11.5.1, maidir le cainéil teilifíse atá dírithe go heisiach ar fhógraíocht agus teilishiopadóireacht ná maidir le bealaí teilifíse atá dírithe go heisiach ar fhéinbholscaireacht.

## 12. Sláine Comhartha – Soláthraithe Seirbhíse Meán

12.1 Ní dhéanfar seirbhís meán closamhairc mar a shainmhínítear sa Chód agus sna Rialacha seo a fhorleagan chun críoch tráchtála ná a mhodhnú (lena n-áirítear trí tharchur i bhfoirm ghiorraithe nó trí chur isteach) gan toiliú follasach a fháil ón soláthraí seirbhíse meán.

12.2 Ní bheidh feidhm ag na toirmisc in Alt 12.1 i ndáil leis an méid seo a leanas: -

i. eilimintí rialaithe aon chomhéadain úsáideora is gá chun an gléas a oibriú nó chun clár a aimsiú, amhail rialtáin fuaime, feidhmeanna cuardaigh, roghchláir nascleanúna nó liostaí na gcainéal.

ii. forleaganacha dlisteanacha, amhail eolas rabhaidh, eolas chun leas an phobail i gcoitinne, fotheidil nó forleaganacha cumarsáide tráchtála a sholáthraíonn an soláthraí seirbhíse meán.

iii. gan dochar d’Airteagal 3(3) de Rialachán (AE) 2015/2120, teicnící comhbhrúite sonraí lena laghdaítear méid comhaid sonraí agus teicnící eile chun seirbhís a chur in oiriúint do na modhanna dáileacháin, amhail gléine agus códú, gan aon mhodhnú ar an ábhar.

iv. forleaganacha atá tionscanta nó údaraithe ag faighteoir na seirbhíse amháin d'úsáid phríobháideach, amhail forleaganacha a thagann as seirbhísí le haghaidh cumarsáid ar leith.

# 13. Faisnéis – Soláthraithe Seirbhíse Meán

13.1 Déanfaidh soláthraí seirbhíse meán eolas faoi sholáthraí na seirbhíse inrochtana go héasca, go díreach agus go buan d'fhaighteoir na seirbhísí.

13.2 Maidir le hAlt 13.1, i bhfaisnéis arna soláthar ag soláthraí seirbhíse meán áireofar, ar a laghad, an fhaisnéis seo a leanas:

i. a ainm nó a hainm.

ii. an seoladh geografach ag a bhfuil sé nó sí bunaithe.

iii. na sonraí, lena n-áirítear a sheoladh ríomhphoist nó a seoladh ríomhphoist nó a shuíomh gréasáin nó a suíomh gréasáin, a fhágann gur féidir teagmháil ghasta a dhéanamh leis nó léi ar bhealach díreach agus éifeachtach.

iv. gur soláthraí seirbhíse meán é nó í faoi dhlínse an Stáit de réir bhrí Alt 2A den Acht, agus, dá réir sin, gurb é atá ina údarás inniúil nó ina húdarás inniúil ná Coimisiún na Meán, 1 Áras Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4, D04 NP20, Éire.

# 14. Cearta chun Saothar Cineamatagrafach

14.1 Ní chraolfaidh craoltóir teilifíse saothair chineamatagrafacha lasmuigh de na tréimhsí a chomhaontaítear leis na sealbhóirí ceart.

# Forálacha na Rialacha maidir le Seirbhísí Meán

Déantar na forálacha seo a leanas de bhun Ailt 46O(1), (2), (3) agus (9) den Acht.

## 15. Teorainneacha Fógraíochta agus Teilishiopadóireachta Laethúla – Craoltóirí Teilifíse

15.1 Áiritheoidh craoltóir teilifíse nach sáróidh sciar na míreanna fógraíochta teilifíse agus na míreanna teilishiopadóireachta laistigh den tréimhse idir 06.00 agus 18.00 uair an chloig 20% den tréimhse sin. Ní sháróidh an sciar de na míreanna fógraíochta teilifíse agus de na míreanna teilishiopadóireachta laistigh den tréimhse idir 18.00 agus 24.00 uair an chloig 20% den tréimhse sin.

15.2 Cé is moite de chraoltóirí teilifíse pobail, mairfidh an tréimhse uasta a cheadaítear do mhíreanna fógraíochta teilifíse in aon uair an chloig ar feadh 12 nóiméad. I gcás craoltóirí teilifíse pobail, mairfidh an tréimhse uasta a cheadaítear do mhíreanna fógraíochta in aon uair an chloig ar feadh 6 nóiméad.

15.3 Ní bheidh feidhm ag Rialacha 15.1 ná 15.2 maidir leis an méid seo a leanas: -

i. fógraí a dhéanann an craoltóir i dtaca lena chláir nó lena cláir agus lena tháirgí coimhdeacha nó lena táirgí coimhdeacha féin a dhíorthaítear go díreach ó na cláir sin nó le cláir agus seirbhísí meán closamhairc ó eintitis eile a bhaineann leis an ngrúpa craolacháin céanna.

ii. fógraí urraíochta.

iii. suíomhanna táirgí.

iv. frámaí neodracha idir ábhar eagarthóireachta agus fógraíocht teilifíse nó míreanna teilishiopadóireachta, agus idir míreanna ar leith.

15.4 Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le cainéil teilifíse atá dírithe go heisiach ar fhógraíocht agus teilishiopadóireacht ná maidir le cainéil teilifíse atá dírithe go heisiach ar fhéinbholscaireacht.